

# Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí

**Tionscadal Caipitil 966**
**Céim 4 – Bróisiúr um Nuashonrú Tionscadail**
**Meitheamh 2022**



EIRGRID
Delivering a cleaner energy future

# Cad is EirGrid ann – agus cad a dhéanaimid?

Tá EirGrid freagrach as leictreachas sábháilte, slán agus iontaofa a sholáthar – anois agus sa todhchaí.

Déanaimid an gréasán tarchurtha leictreachais a fhorbairt, a bhainistiú agus a fheidhmiú. Tugtar ar an eangach seo cumhacht ón áit a ngintear í go dtí an áit a bhfuil gá léi ar fud na hÉireann. Bainimid úsáid as an eangach seo chun cumhacht a sholáthar don tionscadal agus do ghnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais. Baintear úsáid as an eangach chun cumhacht a sholáthar don ghréasán dáileacháin, chomh maith leis an leictreachas a úsáidtear gach lá sa bhaile, san oifig, ar scoil, san ospidéal agus ar an bhfeirm.

## Maidir leis an nuashonrú seo

Cuirtear an t-uasdátú seo ar fáil daoibh, agus sibh i bhur bpáirtithe leasmhara, pobail, úinéirí talún agus baill den phobal agus ar mian libh coinneáil ar an eolas faoi Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí.

Sa doiciméad seo cuirtear eolas ar fáil faoin tionscadal, agus nuashonrú maidir le tuilleadh measúnachtaí agus forbairtí a tharla ó fógraíodh an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn - Rogha A: An Rogha Dhearg, i Márta 2022.

Cuireann an cháipéis seo faisnéis ar fáil maidir leis an tionscadal go dtí seo, an fhaisnéis seo thíos ina measc:

- Céard atá i gceist le hUasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí;
- Ár gcur chuige sé chéim maidir leis an eangach leictreachais a fhorbairt;
- Cad é an méid atá tar éis tarlú mar chuid den tionscal go dtí seo;
- Cad is cábla faoin talamh 400 kV ann?
- Cad é an Rogha Bhealaigh Is Feidhmiúla;
- Fóram Pobail Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí agus Tairbhe don Phobal
- Cad a tharlóidh ina dhiaidh seo?

## Príomhthorthaí

Tar éis teagmháil leanúnach le húinéirí talún, leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara reachtúla, táimid anois in ann an Rogha Bhealaigh is Feidhmiúla (RBF) a dheimhniú don tionscadal seo.

Is é an Rogha is Feidhmiúla mionleasú na Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn a roghnaíodh ar feadh chonair an tionscadail laistigh den limistéar staidéir.



# Céard é Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí?

Cuirfidh Uasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí nasc leictreachais ardchumais faoin talamh ar bun idir fostáisiún Bhaile Uí Dhuinn, cóngarach do Theach an Dá Mhíle i gContae Chill Dara agus fostáisiún Fhearann na Coille cóngarach do Bhaile an Bhóthair i gContae na Mí.

Cabhróidh an t-uasghrádú seo chun:

- cumhacht a aistriú ar bhonn níos éifeachtúla ó dheisceart agus iardheisceart na hÉireann, lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta, i dtreo oirthear na tíre; agus
- an chumhacht sin a dháileadh laistigh den ghréasán leictreachais sa Mhí, i gCill Dara agus sna contaetha eile timpeall orthu.

Tá an tionscadal seo riachtanach chun tuilleadh forbartha maidir le giniúint fuinnimh in-athnuaite a éascú de réir bheartas an rialtais maidir le suas le 80% den soláthar leictreachais a bheith ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Áirítear leis seo leictreachas a aistriú ó fhoinsí in-athnuaite amach ón gcósta.

Mar gheall ar mhéadú ar dhaonra agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch san oirthear, beidh an tionscadal ina chabhair freisin chun an t-éileamh atá ag fás ar leictreachas i gCill Dara, sa Mhí agus i mBaile Átha Cliath a shásamh.

## Buntáistí

**Iomaíocht**
Brú anuas a chur i bhfeidhm ar chostas an leictreachais

**Inbhuanaitheacht**
Aistriú na hÉireann chuig gheilleagar ísealcharbóin a éascú.

**Daingneacht an tSoláthair**
Soláthar leictreachais a fheabhsú do thomhaltóirí leictreachais na hÉireann.


**Eacnamaíoch**
Cur leis an ngeilleagar réigiúnach agus tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrach.

**Pobal**
Tairbhe don phobal a chur ar fáil sna limistéir ina n-éascaítear bonneagar an tionscadail.

# Cad é ár gcur chuige 6 chéim maidir leis an eangach leictreachais a fhorbairt?


Tá cur chuige sé chéim againn maidir le bhur gcuid tuairimí agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara eile a bhailiú agus a thuiscint le linn an phróisis seo. Inár bhfoilseachán 'Bíodh Deis Labhartha Agat' leagtar amach ár dtiomantas do theagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus éisteacht leo.

Inár bhfoilseachán 'Straitéis Teagmhála Poiblí' déantar ár dtiomantas maidir le teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara a atreisiú maidir le tionscadail mar seo a fhorbairt. Is féidir leat cóip den dá fhoilseachán sin a fháil ag
**www.eirgrid.ie**




**Fíor 1: Ár gcur chuige 6 chéim i leith an eangach leictreachais a fhorbairt**

Tá an tionscadal seo ag teacht chun deireadh Chéim 4 agus tá an áit deimhnithe againn anois ina molaimid an cábla leictreachais faoin talamh a thógáil laistigh de RFTCC - Rogha A: An Rogha Dhearg. Tabharfar an Rogha Bhealaigh Is Feidhmiúla seo anois chun cinn go Céim 5, mar a ndéanfaimid iarratas ar cheadú pleanála.




**Fíor 2: Ár n-amlíne sé chéim le haghaidh Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí**



# Cad a tharla go dtí seo?

I **gCéim 1**, d'aithníomar an gá atá le hUasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí.

I **gCéim 2**, thiomsaíomar gearrliosta de na roghanna teicniúla is feidhmiúla, a chuaigh amach le haghaidh comhairliúchán poiblí idir Samhain 2018 agus Feabhra 2019. Áiríodh leis na roghanna seo meascán de línte lasnairde, cáblaí faoin talamh agus teicneolaíochtaí méadaithe voltais (voltas a mhéadú). Tógadh ceithre cinn de na roghanna seo chun tosaigh go Céim 3 in Aibreán 2019.

I **gCéim 3**, shainaithníomar go bhféadfaí ceann de na roghanna teicneolaíochta gearrliostaithe a dhéanamh ar dhá bhealach dhifriúla. Ar an gcúis seo, bhí cúig rogha againn. D'fhiosraíomar agus chuamar i gcomhairle leatsa ar na roghanna teicneolaíochta gearrliostaithe chun an gréasán leictreachais a neartú idir Baile Uí Dhuinn agus Fearann na Coille. I mí Aibreáin 2021, shainaithníomar gurbh é rogha an chábla 400 kV faoin talamh an rogha is fearr feidhmíocht le cur chun cinn don tionscadal seo.

**Go luath i gCéim 4**, shainaithníomar ceithre rogha bhealaigh fhéideartha agus chuamar i gcomhairle le páirtithe leasmhara maidir leo siúd thar 12 sheachtain ón 31 Lúnasa 2021 go dtí an 22 Samhain 2021. Tar éis an chomhairliúcháin seo, dheimhníomar an **Rogha Bhealaigh is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn** i Márta 2022, agus ba é sin - Rogha A: An Rogha Dhearg.

Anois, agus sinn ag teacht go deireadh Chéim 4, tar éis ár measúnachta ilchritéir, tá an Rogha Bhealaigh is Feidhmiúla sainaitheanta againn. Bhí cúig limistéar níos leithne ann a sainaithníodh taobh leis an Rogha Bhealaigh is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn ar theastaigh ina leith tuilleadh measúnachta agus teagmháil le húinéirí talún. Tar éis na measúnachtaí agus an teagmháil seo a dhéanamh, tá socrú bhealach an chábla sna cúig limistéar níos leithne seo deimhnithe. Tá limistéar fiosraithe breise amháin fós fágtha, agus deimhneofar seo le linn Chéim 5, sula ndéanfar iarratas ar cheadú pleanála. Leagtar amach tuilleadh sonraí faoi seo níos faide anonn sa bhróisiúr, ar leathanach 10.




# Cad is cábla faoin talamh 400 kV ann?

Bainfimid úsáid as Sruth Ailtéarnach Ardvoltais (HVAC) le haghaidh an tionscadail seo. Baintear úsáid as an bhfoirm tarchurtha leictreachais seo go hidirnáisiúnta i ngréasáin leictreachais agus in Éirinn.

Deimhníodh i staidéir níos luaithe gurb é cábla 400 kV faoin talamh idir Fostáisiúin Fhearann na Coille agus Bhaile Uí Dhuinn an rogha is oiriúnaí don tionscadal seo.

Tugann Fíor 3 achoimre tháscach ar an gcuma a bheadh ar ghnáthshocrú don chábla faoin talamh.




**Fíor 3: Gnáthshocrú duchta le haghaidh cábla HVAC faoin talamh**

Is féidir tuilleadh eolais faoi thógáil an chábla faoin talamh agus cén cuma atá air a aimsiú sa Bhileog Eolais Comhairliúcháin Céim 4 maidir le hUasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí, atá le haimsiú sa rannán 'cáipéisí ábhartha' anseo **www.eirgrid.ie/kildaremeath**.

## Chéim 4 Critéir Mheasúnaithe agus Staidéir




**Fíor 4: Na cúig chatagóir a bhainimid úsáid astu chun na roghanna a mheas, mar aon leis an aiseolas a thugann sibh**

Mar chuid de Chéim 4, chuireamar i gcrích tuilleadh fiosruithe, ag cur leo siúd a chuireamar i gcrích i gCéim 1, i gCéim 2 agus i gCéim 3. Rinneamar measúnú ar na fiosruithe seo agus chuireamar iad i gcomparáid lena chéile faoi chúig chatagóir:


1. Gnéithe teicniúla – amhail comhlíonadh le caighdeáin leictreachais/ gnéithe oibríochtúla,
2. Fachtóirí eacnamaíocha – amhail costais a bhaineann le feidhmiú an tionscadail,
3. Fachtóirí comhshaoil – amhail an bhithéagsúlacht/gnáthóga/coinníollacha talún/seandálaíocht,
4. Fachtóirí socheacnamaíocha – amhail an geilleagar áitiúil agus fóntais áitiúla; agus
5. Fachtóirí inseachadta – amhail amlíne agus rioscaí féideartha

# Cad é an Rogha Bhealaigh Is Feidhmiúla?

Tar éis tuilleadh teagmhála agus staidéir theicniúla, is féidir linn anois na hathruithe ar an mbealach a dheimhniú agus an Rogha is Feidhmiúla a fhógairt le haghaidh an chábla 400 kV faoi thalamh seo.

Roimhe seo i gCéim 4, d’fhógraíomar an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn. Bhí cúig chuid easbhóthair san áireamh sa bhealach seo, a léiríodh mar limistéir níos leithne ar an léarscáil.


Bhí tuilleadh teagmhála ag teastáil le húinéirí talún a n-imrítear tionchar orthu agus rinneadh measúnachtaí teicniúla chun an bealach a dheimhniú laistigh de na limistéir níos leithne seo.



# Na Príomhathruithe

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na bealaí sainithe a thabharfar anois trí na cúig limistéar níos leithne a chuirtear i láthair mar chuid den Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn.

| An Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn | Cúis leis an athrú | Rogha is Feidhmiúla |
|---|---|---|




**Fostáisiún Fhearann na Coille go dtí R156**

Is rannán easbhóthair é seo anois, timpeall 3 km ar fad trí thalamh a úsáidtear don talmhaíocht.

Cuireadh as an áireamh bóithre áitiúla a úsáid mar gheall ar dhá dhroichead bóthair.

Tá na droichid seo ró-éadomhain chun trinse a thógáil iontu agus bheadh an rogha sin neamhphraiticiúil mar gheall ar shrianta a bhaineann le druileáil faoi na droichid.








**An taobh thiar de Chill Choca**

Rinneadh an bealach a dhearadh chun baile mór, gnólachtaí agus dlúthcheantar cónaithe Chill Choca a sheachaint.

San áireamh sa rannán seo tá trasnú ar Abhainn an Rí, ar an gCanáil Ríoga, ar iarnród, agus ar Mhótarbhealach M4 i gceist.

Déanfar an cábla a dhruileáil fúthu seo chun aon tionchar orthu a sheachaint.








**An taobh thoir den Chorrchoill**


Is rannán easbhóthair é seo anois, timpeall 1.1 km ar fad trí thalamh a úsáidtear don talmhaíocht.

Téann an rannán beagán ar an taobh thiar den limistéar staidéir a leagtar amach sa Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn.

Rinneadh an cinneadh seo chun sráidbhaile na Corrchoille a sheachaint, chun tionchair fhéideartha ar úinéirí, ar fhálta sceiche, agus ar thalamh a úsáidtear don talmhaíocht a íoslaghdú.



## An Rogha Chonaire Tháscach is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn | Cúis leis an athrú | Rogha is Feidhmiúla Conairí





### An taobh ó thuaidh de na Solláin

Is meascán é an rannán seo de rannáin ar an mbóthar agus trasnú easbhóthair trí thalamh a úsáidtear don talmhaíocht.

Beidh sé cóngarach d'Abhainn na Life, agus cabhróidh an dearadh tionchair a sheachaint ar an tírdhreach agus ar an éiceolaíocht.





### Trasnú an M7

Is meascán é an rannán seo de rannáin ar an mbóthar agus easbhóthair.

Fágann an bealach Seachbhóthar na Sollán agus téann sé trasna talamh a úsáidtear don talmhaíocht.

Téann an bealach faoin M7 san íosbhealach reatha (Bóthar Bhaile Osbeird).

Nascann an bealach ansin leis an R407 (Bealach Páirce na Mílaoise).




## Limistéir bhreise athraithe | Cúis leis an athrú | Rogha is Feidhmiúla Conairí





### Trasnú na Canála Móire sa Nás

Is conaire nua í seo, agus tá sí san áireamh sa rannán seo mar tá tuilleadh suirbhéanna coinníollacha talún ag teastáil sular féidir an bealach a chur i gcrích.

Seachnófar Ionad Spórt an Náis agus réadmhaoin chónaithe atá cóngarach.


D'fhéadfaí an Chanáil a thrasnú ar feadh an R409 (Bóthar Nua Chearach) nó le trasnú faoin gcanáil.




### An bealach go Fostáisiún Bhaile Uí Dhuinn

Athraíodh an bealach sa rannán seo chun droichead bóthair a sheachaint atá ró-éadomhain le haghaidh thrinse an chábla. Rachaidh an cábla anois siar ó dheas ar feadh an R448 le haghaidh níos mó doimhne, sula dtiontóidh sé soir chun nascadh leis an R412. Laghdaíonn an t-athrú seo tionchair fhéideartha chomhshaoil agus shóisialta.



# Príomhstaitisticí

| | |
|---|---|
| Fad bealaigh | 53 km |
| Codanna easbhóthair | 8 km |
| Líon trasnuithe abhann | 5: Abhainn an Rí, an Chanáil Ríoga, Abhainn na Life, an Chanáil Mhór agus sruthchúrsaí eile níos lú. |
| Mórthrasnuithe eile | 4: Dhá thrasnú iarnróid agus dhá thrasnú mótarbhealaigh. |
| Fad na tógála | 24 go 32 mí* |

* Féadfaidh seo athrú ag brath ar thuilleadh measúnacht theicniúil.

Cuirfear tuilleadh gnéithe deartha leis an tionscadal ag Céim 5. Ina measc seo tá bánna siúntála, cuasa scoite, limistéir thógála, cosáin rochtana, oibreacha fostáisiúin agus oibreacha gaolmhara. Beidh na hoibreacha seo laistigh den limistéar bealaigh a leagtar amach. Ní chuirfidh na gnéithe seo isteach ar shocrú bhealach an chábla ach beidh teagmháil bhreise le húinéirí talún agus príomhpháirtithe leasmhara ag teastáil dóibh.

Taispeántar sna grianghraif seo a leanas an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar thógáil.



**Fíor 5: Gnáthshuiteáil duchta cábla sa bhóthar**



**Fíor 6: Gnáthbhá siúntála mar a nasctar cáblaí**



**Fíor 7: Cáblaí á dtarraingt isteach sna duchtanna agus sa bhá siúntála**



**Fíor 8: Gnáthbhá siúntála ag feidhmiú le linn siúntáil cáblaí**

# Fóram Pobail Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí

Cuireann Fóram Pobail Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí comhairle ar fáil dúinn maidir le príomhfhorbairtí tionscadail, amhail:

- an chaoi a ndéanaimid cumarsáid agus teagmháil leis an bpobal,
- na rudaí ar gá dúinn ár machnamh a dhéanamh orthu agus an tionscadal á fhorbairt;
- conas is féidir linn tairbhe shuntasach phobail a sholáthar don cheantar ina bhfuil ár mbonneagar.

Feidhmíonn an fóram mar fhoras comhairliúcháin agus ní thagann sé in ionad aon chineál eile teagmhála ná comhairliúcháin a bhíonn á ndéanamh againn.

Tá an Fóram Pobail éascaithe ag Development Perspectives, eagraíocht oideachais forbartha agus neamhrialtasach agus carthanas cláraithe. Tionóladh an fóram ocht n-uaire san iomlán ó tháinig sé le chéile den chéad uair i mí Iúil 2021. Tagann an fóram le chéile go rialta fós chun aiseolas a thabhairt, an t-eolas is déanaí maidir leis an tionscadal a thabhairt, agus chun cumarsáid dhá-bhealach a chinntiú.

Chun fanacht ar an eolas faoi ghníomhaíocht an fhóraim, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin: **www.eirgrid.ie/KildareMeath**.



# An Ciste Leasa Pobail

Aithneoimid an tábhacht a bhaineann le pobail agus gnólachtaí áitiúla a éascaíonn an gréasán tarchuir leictreachais a uasghrádú, agus léiríonn an Ciste Leasa Pobail an méid seo.

Agus Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí á thógáil, beimid ag obair le pobail a thacú mar chuid dár mbeartas tairbhe pobail.

Cuirfear ciste tiomnaithe a bhaineann le Forbairt Eangach Chill Dara-na Mí ar fáil chun leasanna díreacha a chur ar fáil do na pobail is cóngaraí don bhonneagar tarchurtha nua. Leis na cistí seo, atá i gcomhréir le scála an tionscadail, tacaítear le cúiseanna maithe áitiúla agus cabhraítear le pobail a gceantar a athrú ó bhonn. Is é an mór-aidhm atá againn ná oidhreacht dhearfach a fhágáil sna pobail ina bhfuil ár mbonneagar suite. Seoltar an scéim leasa poiblí nuair a bhíonn cead pleanála faighte ag tionscal.

Beidh Fóram Pobail Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí i gceannas ar an straitéis tionscadail Leasa Pobail a fhorbairt. Comhaontófar seo sula scaoilfear an maoiniú leasa pobail.

Ceapfaidh EirGrid foras neamhspleách chun an ciste a roinnt agus dul i mbun oibre leis an bhFóram Pobail.

Roinnfear an ciste ina thrí chéim, rudaí a bheidh ag teacht le forbairt an bhonneagair.

| Céim | Céatadán |
|---|---|
| 1 - Tógáil | 40% |
| 2 - Suiteáil cáblaí | 30% |
| 3 - Fuinnmhiú | 30% |

Cuirfidh na cistí seo tacaíocht ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla, eagraíochtaí seachbhrabúsacha agus fiontair shóisialta a fheidhmíonn nó a fhreastalaíonn ar phobail cóngarach don bhonneagar nua.

Áirítear le samplaí de thionscadail an méid seo a leanas:

- Tionscadail oidhreachta, amhail tacaíocht a thabhairt do chumainn stairiúla agus seandálaíochta;
- Tionscadail phobail, amhail cabhrú páirc nua a mhaoiniú nó tacaíocht a chur ar fáil chun hallaí pobail áitiúla a iarfheistiú;
- Tograí oideachais, amhail trealamh TF chun foghlaim dhigiteach a fheabhsú;
- Tionscnaimh chomhshaoil, amhail coillearnach a phlandáil nó limistéir éiceolaíocha reatha a fheabhsú.
- Áiseanna don óige, amhail clós súgartha;
- Áiseanna spóirt, amhail trealamh nó páirceanna imeartha, nó grúpaí spóirt a thacú chun ídiú fuinnimh a laghdú agus iad a fheidhmiú ar bhonn inbhuanaithe.



# Cad a tharlóidh ina dhiaidh seo?

**Céim 1** Sainaithint riachtanais na heangaí i gcrích.

**Céim 2** Sainaithint na dteicneolaíochtaí lenar féidir na riachtanais seo a chomhlíonadh i gcrích.

**Céim 3** Cad é an rogha is fearr cén ceantar a bhféadfaí tionchar a imirt air?

**Céim 4 – Cén áit go díreach ar cheart dúinn tógáil?**

**Céim 5** Iarratas a dhéanamh ar chead pleanála.

**Céim 6** Tógáil, fuinnmhiú (í a dhéanamh beo) agus comhroinnt tairbhí.

## Céim 4 Sracfhéachaint

### Céard atá ag tarlú?

Tá an Rogha is Feidhmiúla sainaitheanta againn. Tá an bealach thart ar 53 km ar fad, agus meastar go bhfuil rannán easbhóthair 8 km san áireamh leis sin.

Leanfaimid ar aghaidh anois chuig Céim 5 – An Próiseas Pleanála.

### Cá fhad a thógfaidh seo?

Táimid ag súil leis go dtabharfaidh Céim 5 sinn go dtí deireadh 2023, ag brath ar an bpróiseas um iarratais pleanála.

### Cad a tharlóidh ina dhiaidh seo?

I gCéim 5, áireofar san iarratas pleanála ullmhúchán breithmheasa agus tuarascálacha comhshaoil. Déanfar suirbhéanna agus fiosruithe geoiteicniúla láithreáin freisin feadh bhealach an chábla. Leanfaidh teagmháil ar aghaidh i rith na gcéimeanna atá fágtha den tionscadal.

A luaithe is a bheidh an t-iarratas curtha isteach, beidh an tionscadal istigh i gcéim an chomhairliúcháin reachtúil. Mar gheall air seo, beidh an t-am ag baill den phobal aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an tionscadal go dtí an t-údarás pleanála ábhartha.

### Cén chaoi ar féidir liom teagmháil a dhéanamh agus fanacht ar an eolas?

Is féidir tuilleadh sonraí faoin tionscadal seo a fháil ar ár suíomh gréasáin ag www.eirgrid.ie/KildareMeath

Anseo gheobhaidh tú *Step 4B Report – Route Options and Evaluation Report*, léarscáil idirghníomhach ina leagtar amach an Rogha Bhealaigh is Feidhmiúla, chomh maith le gach tuairisc thionscadail agus bróisiúr tionscadail a foilsíodh roimhe le linn na gcéimeanna níos luaithe.

### Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ar roinnt bealaí, lena n-áirítear:

www.eirgrid.ie/KildareMeath

KildareMeath@eirgrid.com

Déan teagmháil le d'Oifigeach Teagmhála Pobail, Eoghan O'Sullivan, ar 087 247 7732





The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath D04 FW28
Teileafón: 01 677 1700 • www.eirgrid.com

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte